M.75T

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

***Scrúdú Ardteistiméireachta 2004***

# *Staidéar Foirgníochta*


## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

***(200 Marc)***

***Dé Céadaoin 23 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2.00 - 4.30***

***(a)*** *Freagair* ***Ceist 1*** *agus* ***trí*** *cheist eile.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
***(f)*** *Ba chóir saorsceitsí néata a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
***(g)*** *Ní mór ainm, méideanna, toisí agus sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líníocht.*

**1.** Tá fuinneog cháisminte adhmaid feistithe i mblocbhalla seachtrach caighdéanach 300mm le cuas inslithe, mar a thaispeántar sa sceitse. Tá an balla plástráilte ar gach taobh.
De réir scála 1:2 *(leath dá lánmhéid)* tarraing gearradh ceartingearach tríd an lindéar, barr na fuinneoige agus an sais. Taispeáin na sonraí tógála go léir ó 350mm os cionn go 200mm faoi bhun bharr fhráma na fuinneoige.



**2.** **(a)** Ag baint úsáide as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, taispeáin fotha a bheadh oiriúnach do bhlocbhalla seachtrach i dteach aon stóir.
Ainmnigh an sórt fotha agus tabhair a thoisí i gcoibhneas leithead an bhalla.

**(b)** Ar an sceitse, taispeáin agus cuir lipéad ar shonra dearaidh a mhéadódh neart an fhotha.

**3.** **(a)** Ag baint úsáide as ***léaráid shoiléir le lipéid***, sceitseáil córas le **huisce te** a sholáthar do bháisín níocháin láimhe, mar a thaispeántar sa sceitse.
Cuir isteach iad seo a leanas sa léaráid agat:

- Umar stórála uisce;
- Sorcóir d'uisce te;
- An phíobobair go léir;
- Na comhlaí atá riachtanach.



**(b)** Déan cur síos, ag baint úsáide as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe, ar shonra dearaidh **amháin** ba chóir a bheith ann leis an gcaillteanas teasa sa chóras uisce te a laghdú.


**4.** Clúdaítear díon theach cónaithe le tíleanna coincréite dín. Is tógáil traidisiúnta atá sa díon agus tá claonadh 30 céim ann.

**(a)** De réir scála 1:5, tarraing gearradh tríd an díon, ag taispeáint an mhaide mullaigh, na rachtaí, an choiléir cheangail agus na tíleanna. Taispeáin na sonraí tógála ó bharr an dín go 150mm faoin gcoiléar ceangail. Cuir lipéid ar na comhbhaill dín go léir agus tabhair a dtoisí.

**(b)** Mol leasaitheach oiriúnach a d'fhéadfaí a chur ar na comhbhaill dín agus liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a choimeád agus an leasaitheach á húsáid.


**5.** **(a)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta faoi leith nach mór cloí leo i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:

- Ag cur insliú snáithíní gloine i spás an áiléir de theach cónaithe;
- Ag sreangú plocóid trí-phionna;
- Ag tógadh scafaill;
- Ag thabhairt cuairte ar láithreán tógála agus meaisíní ag tochailt trinsí ann.



**(b)** Tabhair fáth **amháin** gur gá cloí le gach réamhchúram sábháilteachta a liostaítear thuas.

**6.** Ní mór plástarchlár agus insliú, mar thirimlíneáil, a fheistiú ar dhromchla istigh bhlocbhalla sheachtraigh.



**(a)** Ag baint úsáide as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, taispeáin modh **amháin** leis an tirimlíneáil a fheistiú ar an mballa.

**(b)** Luaigh **dhá** fháth a mbeadh gá le tirimlíneáil a fheistiú ar bhallaí seachtracha seantí.

**(c)** Déan cur síos ar ullmhú dhromchla an bhalla tirimlíneáilte sula gcuirtear bailchríoch phéinte air.

**7.** Mínigh, le cúnamh nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe,*** **cúig** cinn ar bith de na téarmaí seo a leanas:


- Tarr;
- Fó-urlár;
- Lámhráille;
- Cuaille staighre;
- Taobhán;
- Gaiste gáitéir;
- Radónbhacainn.

**8.** **(a)** Taispeáin, ag baint úsáide as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, na sonraí tógála d'urlár na talún soladach a dhéantar as choincréit inslithe i dteach cónaithe.

**(b)** Sa sceitse atá déanta agat, cuir isteach le lipéid, sonra dearaidh a chuirfidh cosc le taise an taobh istigh den fhoirgneamh a shroicheadh ag leibhéal an urláir.

**(c)** Mol clúdach urláir d'urlár na talún coincréite i gcistin agus tabhair **dhá** fháth le do rogha ábhair.

**9.** **(a)** Mínigh, go mion, **trí** cinn de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le coincréit:



- Comhbhailithe;
- Baisceadh;
- Foirmeánacht;
- Tástáil mheatha;
- Leasú.

**(b)** Déan cur síos ar **thrí** shuíomh ina mbaintear úsáid as comhbhaill réamhtheilgthe choincréite agus teach cónaithe á thógáil.

**(c)** Mínigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le húsáid chomhbhaill réamhtheilgthe choincréite.

Leathanach
Bán